

Prótacal BOOÁCDL maidir le Dúnadh Scoileanna, Coláistí, Ionaid agus Oifigí an BOO ar ordú an Rialtais

Leagan: 2 / 10.2023

An dáta a dhaingnigh Foireann Ardbhainistíochta BOOÁCDL é: 9ú Deireadh Fómhair 2023

An dáta a nótáil Bord Bainistíochta BOOÁCDL é: 16ú Deireadh Fómhair 2023

Síniú:  (CEO)

Uaslódáilte ar shuíomh inléir BOOÁCDL TÁ / NÍL

Leaganacha Gaeilge agus Béarla uaslódáilte ar shuíomh gréasáin BOOÁCDL: TÁ / NÍL

Dáta athbhreithnithe: 9ú Deireadh Fómhair 2025

Uimh. an Bheartais: PL/019	Uimhir an Leagain 2 / 10.2023
Leaganacha roimhe seo: 1	Le hÉifeacht ón: 9ú Deireadh Fómhair 2023
Ceadú/Nótáilte ag an mBord: 16ú Deireadh Fómhair 2023	Dáta an Athbhreithnithe: 9ú Deireadh Fómhair 2025

Prótacal BOOÁCDL maidir le Dúnadh Scoileanna, Coláistí, Ionaid agus Oifigí an BOO ar ordú an Rialtais

1. Réamhrá

1.1 Tar éis don Rialtas dúnadh Scoileanna agus Coláistí a ordú i mí Dheireadh Fómhair 2017 de dheasca rabhadh náisiúnta drochaimsire, comhaontaíodh ag Fóram IR na BOOnna in 2019 gur cheart prótacal a chur i bhfeidhm i leith aon teagmhas den sórt sin amach anseo.

2. Raon Feidhme

2.1 Ní bheidh feidhm ag an bPrótacal seo ach amháin i gcás go bhfógróidh an Rialtas go bhfanfaidh scoileanna, coláistí agus institiúidí oideachais eile dúnta mar fhreagairt ar rabhadh náisiúnta adhaimsire. D'fhonn amhras a sheachaint, áirítear leis seo oifigí an BOO.

2.2 D'fhonn amhras a sheachaint, ní bhainfidh na socrúithe seo le haon dúnadh eile seachas na cinn a ndéantar foráil dóibh i mír 2.1 thuas. Níl aon chomhaontú náisiúnta i bhfeidhm maidir lena leithéid de dhúnadh. I gcás go ndúnfaidh

Scoil/Coláiste/Ionad/Oifig de chuid an BOO ar chúis ar bith eile, cibé acu tar éis treoir a fháil nó tar éis cinneadh a ghlacadh dá rogha féin, is ag socrúithe áitiúla nó comhaontuithe áitiúla a bheidh feidhm maidir le dúnadh den sórt sin seachas an comhaontú seo.

3. An Comhaontú

3.1 Má tharlaíonn dúnadh i leith cás den sórt a ndéantar foráil dó faoi mhír 2.1, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

3.1.1 Baill foirne a bhí ar an uainchlár le teacht i láthair le haghaidh dualgais, íocfar ar feadh thréimhse an dúnta iad.

3.1.2 Beidh thréimhse an dúnta inríofa chun críocha seirbhíse agus aoisliúntais.

3.1.3 Tabharfaidh an BOO saoirí bliantúla réamhcheadaithe agus saoirí solúbtha réamhcheadaithe ar ais do na fostaithe ábhartha. Ní bheidh feidhm ag an bPrótacal seo ar shaoirí d'aon sórt eile.

*Arna fhaomhadh ag Fóram na bPríomhfheidhmeannach: An 23 Eanáir 2020
Arna ghlacadh ag Taobh na Foirne ag Fóram IR na BOOnna: An 11 Feabhra 2020*